Thug Oifig na nEastát faoi thograí coigilte fuinnimh eile mar thoradh ar staidéar cáis an BSL. Ba é an chéad togra eile ná Painéal Aistrithe a shuiteáil a chuir ar chumas Oifig na nEastát gineadóir fean eastarraingte éigeandála atá ar an láthair a úsáid chun an soilsiú ardleibhéil ar fad a dhíriú chuig limistéar na páirce CLG, na Páirce Imeartha Dromchla Rubair Shintéisigh agus an Riain Reatha. Deintear monatóireacht leis an gCóras Bainistithe Fuinnimh atá á stiúradh trí ríomhaire, ar úsáid bhuaice i rith an lae agus ar úsáid idir 5in agus 7in agus má bhíonn gá leis seasann an gineadóir isteach chun luchtú Éileamh Buaice na hITT a laghdú. Agus é seo á dhéanamh laghdaítear an costas fuinnimh agus an costas acmhainn aibhléise ar an láthair.

Gradaim um Fhuinneamh Inbhuanaithe
Ainmníodh IT, Trá Lí i ndá chatagóir na nGradam um Fhuinneamh Inbhuanaithe 2009. Cuireadh iarratais isteach le haghaidh: Catagóir E – Barrfheabhas sa Chláir um Bhainistiú Fuinnimh Comhordaithe Catagóir F – Bainisteoir Fuinnimh Sármhaitheasa na Bliana

Beidh na gradaim seo ar siúl i mí na Samhna 2009 agus is iad Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann agus an BSL a eagróidh iad. Mar chuid den méid a cuireadh isteach díríodh aire sa Chlár Bainistithe Fhuinnimh a ghabh Oifig na nEastát idir lámha ar a bhfuil bainte amach againn go dtí seo. Go hachomair, laghdaíodh ídiú aibhléise agus ola tríd na hoibreacha Coigilte Fhuinnimh a dhein Oifig na nEastát mar seo a leanas:

- **Coigilt 20% sa Bhliain Acadúil 2007/2008 agus**
- **Coigilt 28% sa Bhliain Acadúil 2008/2009**

i gcomparáid leis an bhliain 2006/2007.

Áis le haghaidh Saothrán Ceall Mamach
Tá Institiúidí Teicneolaíochta Luimnigh agus Thrá Lí tagtha le chéile chun Ionad Taighde Bith-theicneolaíochta Feidhmí a chur ar bun, is é sin, Ionad Taighde Bith-theicneolaíochta Feidhmí na Sionainne. Méadú na n-áiseanna atá ar fáil d'Ionad na Sionainne is ea an áis le haghaidh Saothrán Ceall Mamach atá Ionnaithe i gCampas Theas na hInstitiúide. Forbraíodh an áis seo le maoiniú ón Údarás Ardoideachais, ón bPlean Forbartha Náisiúnta agus ón AE. Críochnaíodh an áis seo dar luach €1.0 milliún, i mí Mheán Fómhair 2008 agus is mar thoradh ar an áis seo a bheith ar fáil atá chumas an Ionad Taighde cur le chéile i dtáirgí nádúrtha, nútraiceodaigh, giostáil agus bithphróiseáil.

Thug Fiontar Éireann bunchistiú le haghaidh an Ionaid. Tá áiseanna taighde úrscothacha agus misean aige cur chuige cuimsitheach luachmhar a chur ar aghaidh chun fadhbanna a réiteach agus chun réitigh a sholáthar i ndáil leis an gcastacht a bhaineann le táirgí nádúrtha agus i ndáil leis na bithfhoinsí atá iontu. Bíonn an tIonad rannpháirteach i dtaighde ag an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Taighde comhoibritheach atá dírithe ar an tionscal a bhíonn idir lámha aige.

Suirbhé Spáis an Údarás Ardoideachais 2008
Chuaigh an tÚdarás Ardoideachais i dteagmháil le gach coláiste chun an t-eolas is deireanaí a fháil i ndáil le suirbhé spáis an Údarás Ardoideachais. Níor mhór dúinn cuid mhaith oibre a dhéanamh chun freastal ar an riachtanas seo agus chuir Bainisteoir na nEastát gach eolas isteach chuig an Údarás.

An tIonad Forbartha Oideachais

Clár Ambasadóir na Mac Léinn
Earcaíodh seachtar mac léinn de chuid na hITT ar Chlár Ambasadóir na Mac Léinn i 2008/2009. Thug na hambasadóirí cuairteanna ar mheánscoileanna sa cheantar agus labhraíodar le daltaí dara leibhéil faoina n-eispéireas mar mhic léinn tríú leibhéil, gnéithe airgeadais a ghabhann le freastal ar choláiste agus faoi shaol an mhic léinn i gcoitinne. Ba in Ollscoil Luimnigh a reáchtáladh an leagan trialach den gclár seo sa bhliain acadúil 2007/2008 agus cuireadh ar siúl é in IT, Trá Lí agus in IT Luimnigh. Tháinig ambasadóirí mac léinn ó Ollscoil Luimnigh ar chuairt chuig IT, Trá Lí ar an 15 Deireadh Fómhair mar chuid dá n-oiliúint. Thug na mic léinn faoi chlár oiliúna ar dhein Breda O'Dwyer éascaíocht dó i gcomhar le hOllscoil Luimnigh. An tseachtain dar tús 3 Samhain 2008 thosnaíodar ar cuairteanna a thabhairt ar scoileanna an réigiúin. Áirítear ar na scoileanna ar tugadh cuairt orthu mar chuid den gClár a fuair maoiniú ón gCiste Nuálaíochta Straitéiseach ná Scoil Chuimsitheach an Tóchair, Coláiste Phobail Thrá Lí, Coláiste Phobail Chill Orglan, Coláiste Phobail Chill Áirne, Coláiste Phobail Lios Tuathail, Meánscoil Mercy Mounthawk, Meánscoil na mBráithre, Meánscoil na Toirbhirte agus Gaelcholáiste Chiarraí.

Clár Meantóireacht Piara do Mhic Léinn Aibí
Tá an clár seo ar fáil do gach mac léinn aibí céad bhliana a fhreastalaíonn ar Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. I 2008/2009 dhein 14 mic léinn aibí éascaíocht do 79 mic léinn aibí ar chlár meantóireachta i gcomhar leis an Oifig Rochtana. Is é is cuspóir don gclár ná treoir a thabhairt do mhic léinn aibí maidir leis an saol ag an tríú leibhéal trí úsáid a bhaint as líonra tacaíochta na mac léinn aibí atá sa 2ú agus sa 3ú bliain cheana féin. Fuarthas aiseolas an-dearfach ar an gclár. Ina theannta sin bhí baint ag mórán meantóirí le gníomhaíochtaí eile leis, mar shampla cainteanna a thabhairt ag oícheanta eolais don bpobal, caint le daltaí dara leibhéil ar an gclár pathfinder agus mar sin de. Bhí an seisiún feitheoireachta grúpa deireanach do Mheantóirí ar siúl ar an 3ú Aibreán 2009. Ag an seisiún seo ghabh an fhoireann buíochas ó chroí leis na mic léinn go léir as a dtiomantas don gClár Meanóireacht Piara do Mhic Léinn Aibí agus as cabhair a thabhairt chun a chinntiú go n-éireodh leis. Ós rud é gurbh é seo an chéad bhliain ina riabh an clár ar siúl anseo in ITT bhí a lán mac léinn nua nach raibh a fhios acu go raibh tacaíocht bhreise ar fáil dóibh sarar chuireadar tús lena gcuid staidéir san Institiúid. Ar an iomlán is léir gur éirigh go breá leis an gClár ar fud an chuibhreannais.

Stíleanna Foghlama
Sa bhliain acadúil 2007/2008 reáchtáil Cuibhreannas na Sionainne ceistneoir ar stíleanna foghlama ar bhonn trialach agus sa bhliain acadúil 2008/2009 seoladh an togra ina iomláine. Cuireadh tús leis an togra le mic léinn céad bhliana le linn na seachtaine treo-aimsithe i mí Mheán Fómhair. Chomhlánaigh breis is 1,800 mac léinn i gCuibhreannas na Sionainne ceistneoir ar líne. Ina measc sin bhí breis is 700 mac léinn ó IT, Trá Lí a chomhlánaigh an ceistneoir inar thugadar le fios cad iad na stíleanna foghlama is fearr leo. Tá tuairisc ar thorthaí na taighde ar shuíomh idirlín an Ionaid Forbartha Oideachais. Tá an taighde bunaithe ar obair an Ollaimh Richard Felder a thug cuairt ar réigiún Chiarraí i ndiaidh dó ceardlann a thabhairt in ITT Bhaile Átha Cliath i dtosach mhí Mheán Fómhair. Fuair an cheardlann seo tacaíocht ón gCiste Nuálaíochta Straitéiseach. Deineadh tástáil eile ar mhic léinn céad bhliana i 3 cinn d'Institiúidí comhpháirtíochta (suirbhé déanta ar 2,000 mac léinn). Bhí ar ár gcumas anailís chomparáideach a dhéanamh i mbliana ar shuirbhé na bliana seo chaite.

Gradaim Teagaisc de chuid Cuibhreannas na Sionainne
Chomhoibrigh institiúidí Chuibhreannas na Sionainne trí phróiseas na nGradam d'fhonn líonraí múinteoirí ardoideachais a bhunú atá ag obair as láimh a chéile chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtais, fianaise bhríomhar a chnuasach faoi cháilíocht agus

chineál a gcuid gníomhaíochtaí teagaisc agus d'fhonn prionsabail an bharrchleachtais a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre mar mhúinteoirí ardoideachais. Tugadh gradaim áitiúla nach raibh ar fáil ach do mhúinteoirí ó IT, Trá Lí, chomh maith le gradaim réigiúnacha a bhí ar fáil don gcuibhreannas ar fad. Bhí 33 duine rannpháirteach i bpróiseas na nGradam Múinteoireachta Réigiúnach ar fud Cuibhreannas na Sionainne, 5 cinn ó ITT san áireamh. Dhein Ellen Fowler (Ollscoil Luimnigh) éascaíocht do sheisiún oiliúna chun tacú leis an tionscnamh. "Exploring and Evidencing Excellence in Teaching", ba é teideal an seisiúin agus bhí sé ar siúl san Institiúid ar an 23 Deireadh Fómhair 2008. Chun tacú le hullmhú na punainne féin (cuid den bpróiseas gradaim) tháinig Terry Wareham chuig an Institiúid ar an Luain 17 Samhain 2008. Chomh maith leis sin thug Elaine Vaughan (Coláiste Mhuire gan Smál) cuairt ar ITT ar an Déardaoin 6 Samhain chun oiliúint bhreise ar bhonn duine le duine a chur ar na baill foirne a bhí rannpháirteach sa chlár. Lean 3 bhall d'fhoireann na hInstitiúide ar aghaidh chuiug Gradaim Réigiúnacha Chuibhreannas na Sionainne i mí Mhárta 2009. agus bronnadh gradam ar an mbuaiteoir iomlán ag searmanas speisialta ar an 30 Aibreán 2009.

Líonra um Nuálaíocht Foghlama
An chéad chomhdháil bhliantúil de chuid an Líonra um Nuálaíocht Foghlama é seo. Bhí sí ar siúl in Óstán Bá Hodson i mBaile Átha Luain ar an 10 Deireadh Fómhair 2008. "Fostering a Student Centred Learning Experience" ba theideal di agus is í an chuspóir a bhí aici ná nuálaíocht i dteagasc, i bhfoghlaim agus i meastóireacht chomh maith le modhanna difriúla chun eispéireas an mhic léinn a fheabhsú a chíoradh.

WebCT
D'fhreastail 131 bhall d'fhoireann na hITT ar oiliúint WebCT duine le duine i 2008/2009 a thug Sarah Cleary ón Ionad le haghaidh Forbairt Oideachais. Ina theannta sin reáchtáil Sarah seisiúin chlinic sheachtainiúla sceidealaithe don bhfoireann chun cabhrú leo déileáil le saincheisteanna a bhaineann le WebCT. Fuarthas sé foirmeacha iarratais ar mhaoiniú ó NDLR (Acmhainní Foghlama Digiteacha Náisiúnta). Tá mar chuspóir againn go mbunódh baill foirne i dTrá Lí pobail cleachtas mar thoradh ar thograí cosúil le NDLR.

Imeachtaí Oiliúna
Chuir an Dr Colin Higgs ó Ollscoil Memorial Thalamh an Éisc clár dar teideal "The Delivery of Distance Education for Practical and Applied Teaching Material" (Cianoideachas le haghaidh Ábhar Teagaisc Praiticiúil agus Feidhmeach a sheachadadh) i láthair. Thug sé an chaint Dé Máirt 18 Samhain ó 10r.n. go 1i.n.. Thug an Dr Higgs caint faoina chuid oibre ina mbaineann sé úsáid as teicneolaíocht r-fhoghlama chun ábhar oiliúna a sheachadadh chuig mic léinn trí chianfhoghlaim. Thug a chaint léargas dúinn ar an bpróiseas a bhaineann le dearadh, forbairt agus seachadadh cúrsaí oiliúna ar líne.

D'eagraigh an Dr Clare Rigg imeacht oiliúna le cabhair ón Ionad Forbartha Oideachais dar teideal "Action Research: Analysing Your Material and Writing Up" (Taighde i mbun Gnímh: Do chuid ábhair a anailísiú agus na torthaí a bhreacadh). Ba iad an Dr David Coghlan agus an tOllamh Paul Coughlan a bhí i gceannas ar an imeacht. Tá an bheirt acu bunaithe i gColáiste na Tríonóide, Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh an ócáid seo Dé hAoine 28 Samhain.

Bhí Catherine Jeanneau ó Ollscoil Luimnigh mar óstach ag ceardlann in IT, Trá Lí ar an gCéadaoin 3ú Nollaig. Sa cheardlann seo deinadh úsáid acmhainní a fhaightear ar líne le haghaidh múineadh teangacha a chíoradh.

Cuireadh an lá forbartha foirne ar siúl ar an Déardaoin 18 Nollaig 2008. D'fhreastail breis is 50 ball den bhfoireann acadúil air. I dtosach an lae reáchtáil an Dr Katie Exley ón gcuideachta Higher Education Assessment & Development Ltd ón R.A príomhsheisiún idirghníomhach. Ina dhiaidh sin cuireadh seisiúin ar siúl inar pléadh Maoirseacht Togra, Cruthaitheacht i dTeagasc agus i bhFoghlaim – The Elastic Mind, Impleachtaí na Tuarascála Diagnóisice a thug Cuibhreannas na Sionainne ar Straitéisí Teagaisc agus deineadh athbhreithniú ar aiseolas ar a gcuid oibre agus foghlama agus cuireadh feabhas air. Dhein baill foirne ónár gcomhpháirtithe i gCuibhreannas na Sionainne na seisiúin leantacha seo ar fad a éascú.

Cuireadh tuilleadh Laethanta d'Fhorbairt Foirne ar siúl san Institiúid an tseachtain dar tús 16 Feabhra 2008. Pléadh na hábhair seo a leanas:

- Nvivo Training: Pacáiste Taighde Cháilíochtúil leis an Uas. Ben Meehan
- Wimba Training: An Seomra Ranga ar Líne agus Uirlisí Gutha leis an Uas. Lloyd Stock
- Tograí éifeachta le haghaidh Maoinithe a chumadh, leis an Uas. O'Leary, O'Leary & Associates Training & Consultancy Ltd.
- Na dúshláin a ghabhann le Foghlaim atá bunaithe ar Fhadhb, leis an Bn. Uas. Siobhan Smyth
- Coincheapanna teoiriciúla a chomhtháthú i dtimpeallacht an fhíor-shaoil – úsáid a bhaint as staidéir cháis, leis an Uas. Kieron O'Sullivan

Reáchtáladh an lá forbartha foirne deireanach den bhliain acadúil ar an gCéadaoin 6 Bealtaine sa Champas Thuaidh. Labhair an tOll. Alan Baird ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath faoi "Online Delivery of Research Skills Courses" (Cúrsaí ar Scileanna Taighde a sheachadadh ar líne) agus phléigh Briga Hynes "Managing Diversity and Multiculturalism in the Classroom" (Éagsúlacht agus Ilchultúrachas a bhainistiú sa Seomra Ranga).

An Clár um Thacaíocht Piara
Córas deonach é seo ina dtugann comhoibrithe tacaíocht agus comhairle dá chéile a fhéadann cabhrú le múinteoir am ar bith ina ghairmréim léargas luachmhar a fháil ar a fheidhmíocht teagaisc. Is i dtimpeallacht rúnda muiníneach a dheintear é seo agus cabhraítear leis an múinteoir leas cruthaitheach a bhaint as an aiseolas. Is í an tslí is simplí chun a leithéid a dhéanamh ná cuireadh a thabhairt do chomhoibrí teacht chuig léacht nó chuig rang teagaisc agus iarraidh air

nó uirthi aiseolas a thabhairt faoi sheachadadh an ábhair, eispéireas na mac léinn agus faoi ghnéithe tábhachtacha eile den teagasc ina n-áirítear soiléire, luas, torthaí foghlama, smaointe agus moltaí. Bhí breathnóirí piara ar fáil ón Institiúid féin agus / nó ó chomhpháirtithe eile den gCuibhreannas.

Foghlaim le cúnamh piara
Mar chuid de thionscnamh Chiste Nuálaíochta Straitéisí de chuid Cuibhreannas na Sionainne, SIF 1, Snáithe 2 méadaíodh an Líonra um Fhoghlaim le Cúnamh Piara i Matamaitic Innealtóireachta chun go gcuimsítear mic léinn a fhreastalaíonn ar chláir Ríomhaireachta, Eolaíochta Cógaisíochta agus Fóiréinsí, Bitheolaíochta Feidhmí agus Bitheolaíochta Fiadhúlra chomh maith leis an gClár Eolaíochta Comhshaoil. Is í an chuspóir fhoriomlán a bhí leis an tionscnamh seo ná feabhas a chur ar a mbaintear amach sa chéad bhliain Matamaitice trí clár meantóireachta atá dírithe ar an mac léinn a chur ar fáil. Féadann Foghlaim le cúnamh Piara a bheith ina cabhair chun tabhairt faoi fhadhbanna ar nós droch-chruthú i measúnachtaí, bainistiú staidéir, tuiscint a fháil ar a bhfuil léachtóirí ag súil leis agus straitéisí athbhreithnithe i gcomhair scrúduithe agus ar mhaithe le cuimhne a choinneáil ar an méid a bhfuil staidéar déanta air. I 2008/2009 earcaíodh 19 meantóir chun tacaíocht a chur ar fáil do thuairim is 50 dalta.
Bhí an togra faoi bhainistíocht an Dr Joan Cleary.

Lá Oiliúna d'Iarchéimithe
Reáchtáladh lá forbartha taighde d'Iarchéimithe sa Champas Thuaidh Dé Máirt an 5ú Bealtaine. Ba í an Dr Jean Saunders ón Aonad Comhairliúcháin Staidrimh in Ollscoil Luimnigh a d'éascaigh seisiún ar Dhearadh Ceistneora. D'éascaigh Aoife Geraghty ó Sheirbhísí Tacaíochta do Leabharlannaithe ó Ollscoil Luimnigh seisiún ar EndNote, clár bogearraí le haghaidh bainistithe bhibleagrafaigh. D'fhreastail 8 mac léinn taighde ar an dá sheisiún.

D'fhreastail 12 mhac léinn iarchéime ar Lá Ionduchtuithe Taighde na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí, ar an 14 Deireadh Fómhair 2008. Is iad na hábhair a pléadh ná rialacháin acadúla agus dea-chleachtas i dtaighde, leas an mhic léinn agus modhanna taighde. Ina theannta sin reáchtáladh seisiúin eolais thosaigh ar Sheirbhísí Leabharlainne agus Ríomhaire. Bhain gach aoinne a bhí rannpháirteach san imeacht seo an-tairbhe as.

Ionad Foghlama Réigiúnach Chill Áirne
Dhaingnigh Feidhmeannas Ionad Foghlama Réigiúnach Chill Áirne Plean Gníomhaíochta Straitéiseach le haghaidh na tréimhse 2009-2011. Aithníodh sé cinn de spriocanna don Ionad sa phlean seo. Tionscnaíodh roinnt gníomhaíochtaí i 2008/2009 chun an tIonad a oscailt. Áiríodh orthu cruinniú le Kay Hallahan, anailísí Beartais Sinsearach ó Fhorfás, a óstáil. D'fhreastail sí ar chruinniú Fóram Foghlama de chuid Bhord Forbartha Chontae Chiarraí i dTrá Lí ar an 23 Deireadh Fómhair agus thug sí láithreoireacht ar thorthaí agus moltaí an Grúpa Saineolaithe um Riachtanais Scileanna An Straitéis Náisiúnta Scileanna. Tionscnaíodh iniúchadh ar gach gníomhaíocht oiliúna agus oideachais sa chontae. Bhí cúig luchtanna leasa déag sásta páirt a ghlacadh san iniúchadh. D'fhonn freastail ar na riachtanais atá aitheanta ag luchtanna leasa agus d'fhonn conair oideachais atá dírithe ar an margadh a chruthú do chohóirt mac léinn deineadh mionathrú ar mhiondhámhachtainí atá ann cheana féin agus d'fhorbraíomar 3 dámhachtainí nua mar seo a leanas:

- Teastas i mBainistíocht Gnó;
- Teastas i dTaisteal agus Turasóireacht;
- Dioplóma i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta.

Faoi réir éilimh a dhóthain a bheith air bhí i gceist againn na miondhámhachtainí a reáchtáil i gCill Áirne trí roinnt ceardlanna le haghaidh daoine a fhilleann ar an oideachas agus ceardlanna fiontair a chur ar siúl.

Togra Comhpháirtíochta Pobail Scoil an Teaghlaigh
Is í an chuspóir a bhí le Togra Comhpháirtíochta Pobail Scoil an Teaghlaigh ná caidreamh oibre dearfach idir tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí agus institiúidí ardoideachais a chur chun cinn i mbunscoileanna ainmnithe agus rochtain a chur chur chun cinn ar oideachas tríú leibhéil ag an am céanna. Mar aitheantas ar a rannpháirtíocht i dTogra Comhpháirtíochta Pobail Scoil an Teaghlaigh ar deineadh maoiniú air tríd an gCiste Nuálaíochta Straitéisí bhronn ITT plaiceanna ar Ghaelscoil Lios Tuathail, Bunscoil Réalt na Maidine Lios Tuathail do Bhuachaillí agus Bunscoil Láir an Bhaile Dhuibh ag trí ócáid ar leith. Ar an 28 Bealtaine bhronn Valerie Moore plaic ar Ghaelscoil Lios Tuathail i gcomhthráth le seoladh a leabhrán ilmheáin. Tháinig Michael Ó Muircheartaigh chuig an ócáid agus bhain gach aoinne an-thaithneamh ar fad as an oíche. Lasmuigh de bheith ag tacú leis an scríbhneoir cónaithe agus cabhrú le costas an fhoilseacháin chaith Margaret Nolan, mac léinn ilmheáin in ITT, a socrúchán oibre ag an scoil chun obair a dhéanamh ar an togra. Dhein Debra Regan agus Margaret Finch éascaíocht do Chlár um Rochtain ar Luath-Fhoghlaim i mBunscoil Réalt na Maidine Lios Tuathail do Bhuachaillí. 'Getting Along' ba é teideal an chláir. Tugadh an cur i láthair seo ar an 20 Bealtaine le linn oíche eolais do thuismitheoirí. Bhí an clár dírithe ar meáin mhalartacha a chur ar fáil chun scileanna sóisialta agus mothúcháin a chothú i rang 3 agus 4 sa bhunscoil. Ba í cuspóir an chláir ná úsáid a bhaint as cód iompair na scoile mar mheán chun tuiscint a chur chun cinn i measc na ndaltaí ar a thábhacht agus atá scileanna comhoibrithe agus sóisialta mar chloch bhoinn d'iompar cuí sa seomra ranga. Cuireadh an cur i láthair i mBunscoil an Bhaile Dhuibh ar siúl le linn ceolchoirm bhliantúil na Scoile faoi stiúir an Dr Oliver Murphy. Ba rogha le Bunscoil Láir an Bhaile Dhuibh a Clár um Rochtain ar na hEalaíona a reáchtáil mar chuid de Thogra Comhpháirtíochta Pobail Teaghlaigh Scoile. Chruthaigh gach dalta píosa obair ealaíne. Bhain sé nó sí úsáid as uigeachtaí agus ábhair (ar deineadh obair orthu ar scoil agus sa bhaile) i gcomhpháirtíocht le múinteoirí agus tuismitheoirí. Cuireadh an obair ealaíne seo i bhfrámaí agus taispeánadh do thuismitheoirí agus don bpobal í oíche na ceolchoirme. Críochnaíodh obair na ndaltaí faoi stiúir Amy Walsh, ealaíontóir atá ag obair le LINK.

Clár Ceannaireachta do Mhic Léinn
Is tionscnamh é an Clár Ceannaireachta do Mhic Léinn ina ndeintear iarracht ar gníomhaíocht sheach-churaclaim mhic léinn a chomhtháthú le modúl a ghnóthaíonn creidmheasa más rud é go dtaispeánann gníomhaíocht an mhic léinn go bhfuil obair dheonach i gceist nó go bhfuil sé/sí rannpháirteach i ngnó nó i ngníomhaíochtaí pobail, sochaí nó spóirt. Cuireann na mic léinn isteach ar rannpháirtíocht sa chlár mar ghníomhaíocht roghnach. BA é Dé Luain 27 Aibreán an spriocdháta le haghaidh iarratas. Áiríodh iad seo a leanas ar na catagóir a ghabh leis an gclár i mbliana: an Clár Treoaimsithe do Mhic Léinn, Clár an Fhiontraí Óig, Laethanta Oscailte, Oícheanta Eolais, Clár Ambasadóir na Mac Léinn, Meantóireacht Piara do Mhic Léinn Aibí, Spórt ar mhaithe le Rath agus Ionadaithe Míchumais. Fuarthas 70 iarratas agus chláraigh 40 mac léinn le haghaidh agallaimh. Reáchtáladh na hagallaimh Dé hAoine 29 Bealtaine 2009.

Tacaíocht Staitistiúil
Cuireadh tús le Seisiúin Tacaíochta Staitistiúla d'Iarchéimithe Dé Luain 13 Deireadh Fómhair 2008 agus bhíodar ar siúl ar feadh na bliana acadúla ar fad. Sna seisiúin seo pléadh saincheisteanna maidir le taighde agus deineadh éascaíocht do ghrúpaí beaga inár phléigh roinnt ball den bhfoireann ceisteanna cineálacha.

Seachtain Mata
I mí Dheireadh Fómhair 2008 bhí an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí i gcomhar le Seachtain Mata Náisiúnta ina óstach do shraith imeachtaí do dhaltaí agus a dtuismitheoirí chun an mhatamaitic a chur chun cinn trí aird a tharraingt ar an spraoi a ghabhann le smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus ar na feidhmeanna suimiúla a bhaineann léi. Ba í an Dr Joan Cleary agus an tIonad um Fhorbairt Oideachais san Institiúid a d'eagraigh na himeachtaí. Maoiníodh iad faoin gCiste Nuálaíochta Straitéisí an Údarás Ardoideachais. Thug múinteoirí ó scoileanna ar fud na contae tacaíocht do na himeachtaí. Reáchtáladh tráth na gceist mata maidir le réiteach fadhbanna ar an gCéadaoin 16 Deireadh Fómhair. Bhí trí foirne is fiche rannpháirteach sa dúshlán: daltaí ó Mheánscoil na Trócaire Mounthawk (Trá Lí), Coláiste Íde, An Daingean, Coláiste Bhréanainn, Chill Áirne, Meánscoil na Toirbhirte, (Trá Lí), Meánscoil na Toirbhirte (Baile an Mhuilinn) agus Phobailscoil Chorca Dhuibhne. Ba iad Michael McCarthy, Diarmuid Reen agus Sean Knott ó Mheánscoil na Trócaire Mounthawk foireann na mbuaiteoirí. Cuireadh imeacht spraoi Mata do theaghlaigh ar siúl oíche Dhéardaoin do pháistí agus a dteaghlaigh. Thug na páistí faoi ghníomhaíochtaí corraitheacha spraíúla lena dtuistí nó caomhnóirí a spreag iad chun smaoineamh ar ábhair éagsúla na matamaitice nach gcastar orainn ar scoil de ghnáth. D'fhreastail breis is 150 dalta ar an dá ócáid. Cuireadh an tSeachtain Mata do Theaghlaigh ar siúl uair eile Déardaoin 29 Samhain i gCathair Saidhbhín ar iarratas ón oifigeach caidrimh scoile DEIS. Tháinig breis is 100 páiste agus a dtuistí chuig an ócáid.

Gnó sa Phobal
Chuir ITT agus an tIonad um Fhorbairt Oideachais an togra um Ghnó sa Phobal – Comhpháirtíocht Ghnó na Scoileanna ar siúl le Scoil Chuimsitheach an Tóchair. tá Tá an méid seo a leanas ar na nithe a pléadh sna seisiúin:

- Réamheolas ar an gclár, ar siúl ar 21 Deireadh Fómhair 2008;
- Cuairt ar láthair ITT mar aon le roinnt seisiún idirghníomhach éagsúil, ar siúl ar 4 Samhain 2008;
- Lá i saol ... (ar siúl ar 18 Samhain). Thug baill d'fhoireann na hInstitiúide (Dónal O'Connor, Seirbhísí Ríomhaire agus Margaret Burns, An Scoil Riaracháin Ghnó) cuairt ar an scoil i dteannta baill d'fhoireann an Ionaid um Fhorbairt Oideachais. Labhraíodar faoina n-eispéiris agus an conair ghairmréime a thógadar;
- Ullmhú CV Agallaimh, ar siúl an 13 Eanáir 2009;
- Agallaimh bhréagacha, ar siúl an 27 Eanáir 2009.

Oícheanta Eolais
Reáchtáladh Oícheanta Eolais ar deiseanna dul chun cinn a dhéanamh go cláracha lánaimseartha agus páirtaimseartha Dé Céadaoin 14 Eanáir sa bhfoirgneamh Gnó agus TF ar an gCampas Thuaidh agus Déardaoin 15 Eanáir in Óstán Malton i gCill Áirne. D'fhreastail 110 duine ar an seisiún i dTrá Lí agus tháinig 90 chuig an ócáid i gCill Áirne. Ba é an tIonad um Fhorbairt Oideachais a bhí i gceannas faoin gCiste Nuálaíochta Straitéisí 1, Snáithe 1, Ag Oscailt Tairseach chuig an Ardoideachas agus faoin gCiste Nuálaíochta Straitéisí 2, Snáithe 1, Ionad Foghlama Réigiúnach.

An Tionscnamh Mata
Chuir Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí clár teagaisc mhata ghnáthleibhéil ar siúl i gcomhar le Seirbhís Oideachais Chiarraí. Tairgeadh an tseirbhís seo do dhaltaí nach bhfuil ar a gcumas íoc as a gcuid teagaisc bhreise. Ba iad na hábhair a pléadh ná: Eolas tosaigh agus Ailgéabar 1, Ailgéabar 2, Uimhreacha Coimpléascacha agus Seichimh agus Sraitheanna, Calcalas 1, Calcalas 2, and Sequences and Series, Calculus 1, Calculus 2, Céimseata Chomhordanáideach 1, Chomhordanáideach 2, Triantánacht, Dóchúlacht agus Teaglamaí, Staitistic, Uimhríocht, Roghanna, Athbhreithniú agus Ceisteanna atá amuigh. Ghlac 60 dalta san iomlán páirt sa Chlár.

IT, Trá Lí agus Seirbhís Oideachais Chiarraí
Mar chuid dár gcomhoibriú le Seirbhís Oideachais Chiarraí bhí an Institiúid ina hóstach do Dhámhachtainí do Mhic Léinn Sheirbhís Oideachais Chiarraí ar Dé hAoine 13 Márta 2009 a bhFoirgneamh Gnó agus TF. Bhí tuairim is 200 mac léinn i láthair.

SciFest 2009
Bhí Scifest 2009 ar siúl san Institiúid ar an gCéadaoin 6 Bealtaine 2009. Bhí meánscoileanna ó gach cearn den gcontae Chiarraí rannpháirteach lena gcuid tograí. Chuir buaiteoirí áitiúla Taispeántas an Eolaí Óig a gcuid tograí ar thaispeáint an oíche sin leis.

Tugadh rogha cainteanna ar eolaíocht agus innealtóireacht lá an Scifest, chomh maith le taispeántais agus cuireadh searmanas bronnta duaise ar siúl. San iomlán bhí 252 múinteoir, aíonna agus mic léinn i láthair ar an lá a bhain leis na catagóir seo a leanas:

- Buaiteoir iomlán Maire Ní Loingsigh, Coláiste Na Sceilge, Cathair Saidhbhín
- Dara háit Tim Farrell agus Richard Raftery, Coláiste Na Sceilge, Cathair Saidhbhín
- An Scoil is fearr Coláiste Na Sceilge, Cathair Saidhbhín
- Gradam 'Discover Sensors' Sadhbh O'Donnell, Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí
- Gradam an Chumarsáidí is fearr Caoimhe Bonner, Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí
- Eolaíocht Bheatha is fearr Sinead Breen, Kitty Nolan, Louise Lawlor, Meánscoil Naomh Iósaif, Baile an Bhuineánaigh
- Eolaíocht Fhisiciúil is fearr Sadhbh O'Donnell, Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí
- Teicneolaíocht is fearr Damien Sharpe, Orla Horan, Sarah Guirean, Meánscoil na Trócaire Mounthawk, Trá Lí

Leis an ócáid seo bhíothas chun deis a chur ar fáil do dhaltaí, trí chur chuige imscrúdaitheach i leith na foghlama, a gcuid fionnachtana eolaíocha a thaispeáint. Chuir idir eagraithe, rannpháirtithe agus lucht freastail fáilte mhór roimh an ócáid. Dhein Intel urraíocht ar an gclár ar bhonn náisiúnta. Ba é Dairymaster an t-urraitheoir i gCiarraí maidir leis an ócáid a chuir IT, Trá Lí ar siúl.

An Seó Draíochta
Reáchtáladh ceardlann lae faoi dhraíocht na heolaíochta do léachtóirí ITT agus múinteoirí dara leibhéil ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí Dé hAoine 29 Bealtaine. Cuireadh an cheardlann ar siúl ag Sarah Hayes agus Peter Childs ón Ionad Náisiúnta Barrfheabhais i Múineadh agus Foghlaim na Matamaitice agus na hEolaíochta in Ollscoil Luimnigh. D'fhreastail múinteoirí agus léachtóirí ar an gceardlann ar mhian leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna taispeána agus ar mhaith leo a seó draíochta ceimice féin a chur ar siúl. Is é ba chuspóir don gceardlann dhraíochta eolaíochta ná a thaispeáint do na mic léinn gur féidir eolaíocht a mhúineadh go spraíúil oideachasúil. Ba mheascán de theagascóireacht, cleachtadh agus dearadh, tástáil agus taispeáint seó draíochta ceimice í an cheardlann.
Pléadh cúrsaí sábháilteachta agus úsáid na TFC i dtaispeántais chomh maith. Chuir na léachtóirí agus múinteoirí a ghlac páirt sa cheardlann aithne ar modhanna nua i múineadh na heolaíochta do mhic léinn dara agus tríú leibhéil i dtreo is go mbeidh ar a gcumas tuilleadh cruthaitheachta agus smaointí criticiúla a fhí isteach sna ranganna. Bhí an cheardlann ar cheann de roinnt tionscnamh mata agus eolaíochta a cuireadh ar siúl laistigh de Chuibhreannas na Sionainne.

Gradam d'Ambasadóir na Mac Léinn
Deineadh measúnú ar chlár Ambasadóir na Mac Léinn Dé Céadaoin 22 Aibreán in Ollscoil Luimnigh. Dhein idir fhoireann agus mic léinn measúnú ar an gclár agus ansin bhí searmanas bronnta ghradaim ar siúl. Bronnadh teastas gnóthachtála ar Ambasadóirí gach institiúide de chuid an Chuibhreannais a bhí rannpháirteach. Tugadh gradam do 'Ambasadóir Mac Léinn na bliana' ó gach Institiúid, leis. Ba é David O'Donoghue, mac léinn Céim Bhaitsiléara in Ilmheán Idirghníomhach sa tríú bliain Ambasadóir Mac Léinn na bliana ó Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí.

Scoil an Staidéir Ghnó & an Staidéir Shóisialta

Seachadann Scoil an Staidéir Ghnó cláracha ar an Leibhéal Ardteastais, Céime agus Ardchéime. Tá roinnt mac léinn iarchéime ag an scoil atá ag saothrú iarchéimeanna trí thaighde. Tá béim mhór á cur ar na teicneolaíochtaí faisnéise nua i ngach clár.

Cuimsítear cheithre ranna sa Scoil Ghnó:

Staidéar Gnó
Daonnachtaí Gnó
Faisnéisíocht Ghnó
Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht

Cúrsaí Nua:
BA i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta
BA i gCleachtas Obair Óige agus Phobail
BA (Onóracha) i gCraoladh Teilifíse, Raidió agus Meán Nua
BA (Onóracha) i dTeicneolaíocht Cheoil
BA (Onóracha) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta

Cúrsaí atá á bhforbairt:
BA i mBainistiú Óstáin agus Ionad Saoire
BA (Onóracha) i mBainistiú Óstáin agus Ionad Saoire
BA i mBainistiú Taistil agus Turasóireachta
BA (Onóracha) i mBainistiú Taistil agus Turasóireachta

Ceann Scoile:	Brian O'Connor, Uas.
Ceann Roinne (Daonnachtaí):	Pat McGarty, Uas.
Ceann Roinne (Staidéar Gnó):	Mary Rose Stafford, Uas.
Ceann Roinne (Faisnéisíocht Ghnó):	Kay Fitzgerald, Uas.
Ceann Roinne (Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht):	Mary Rose Stafford, Uas.

Scoil na hInnealtóireachta & an Staidéir Fhoirgníochta

Tairgeann an scoil réimse leathan cúrsaí Ardteastais, gnáthchéime agus céime onóraí atá bailiochtaithe ag CDAOO. Ina theannta sin féadann mic léinn céim iarchéime Máistreachta san Innealtóireacht a bhaint amach trí thaighde. Cuimsíonn Scoil na hInnealtóireachta agus an Staidéir Fhoirgníochta dhá roinn:

- Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta
- Innealtóireacht Shibhialta agus Staidéar Foirgníochta

Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta

Anseo a leanas tabharfar an tuairisc ón Roinn Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta.

Imeachtaí tábhachtacha
Imeachtaí tábhachtacha a reáchtáladh i 2008/2009:

1. Tugadh córas seimeastair isteach le haghaidh céim 1 agus 4 ag tosach na bliana acadúla. Fágadh céimeanna 2,3 agus 5 ar an gcóras acadúil bliana sa bhliain acadúil 2008/2009 agus bhí i gceist seimeastrú a thabhairt isteach le haghaidh na gcéimeanna seo sa bhliain acadúil 2009/2010.

2. Fuair an Roinn cuairt creidiúnaithe ó Innealtóirí Éireann i ndeireadh Aibreáin 2009. Bhí creidiúnú á lorg ag trí chinn de chúrsaí na Roinne:
   An Teastas Náisiúnta in Innealtóireacht Mheicniúil
   Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta
   Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach

   Tugadh creidiúnú do na cúrsaí seo le haghaidh 3 bliana.

3. Forbairt an Bhaitsiléir Eolaíochta i bhfuinneamh Inathnuaite & Bainistiú Fuinnimh ag carnadh. Bailiochtófar i mí Bhealtaine 2009.

Cúrsaí
Reáchtáil an Roinn na cúrsaí seo a leanas le linn na bliana acadúla 2008/2009:

Ardteastas in Innealtóireacht Talmhaíochta Céim 1
Ardteastas in Innealtóireacht Talmhaíochta Céim 2
Baitsiléir Innealtóireacht Talmhaíochta Céim 3
Baitsiléir (Onóracha) Innealtóireacht Talmhaíochta Céim 4
Baitsiléir (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Talmhaíochta Céim 5

Ardteastas in Innealtóireacht Gléasra Foirgníochta Céim 1
Ardteastas in Innealtóireacht Gléasra Foirgníochta Céim 2

Ardteastas in Innealtóireacht Mheicniúil Céim 1
Ardteastas in Innealtóireacht Mheicniúil Céim 2
Baitsiléir in Innealtóireacht Táirgeachta Céim 3
Baitsiléir (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Déantúsaíochta Céim 4
Baitsiléir (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Déantúsaíochta Céim 5

Baitsiléir in Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach Céim 2
Baitsiléir in Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach Céim 3

Céim 4 Meicníocht Talmhaíochta
Céim 6 Meicníocht Talmhaíochta

Aiseolas ar Mhodhanna Measúnachta
Deineadh cinneadh agus an córas nua de réir seimeastar á cheapadh, líon na scrúduithe i Seimeastar 1 a theorannú. Mar thoradh air seo níor dhein formhór na mac léinn i seimeastar 1 ach aon scrúdú amháin ag deireadh tseimeastair 1 agus dheineadar an gnáthshraith scrúduithe ag deireadh seimeastair 2. Cé nach bhfuil ach aon bhliain amháin caite againn sa chóras nua agus níl scrúduithe an fhómhair déanta go fóill is cosúil go bhfuil an córas ag obair go breá.

Athruithe ar áiseanna a bhfuil gá leo
Iarradh athruithe ar C115 agus C117 chun líon níos mó mac léinn a éascú atá ag fáil teagasc CAD. Cabhróidh seo le feabhas a chur ar éifeachtacht na Roinne.

Innealtóireacht Shibhialta agus Staidéar Foirgníochta

Anseo a leanas an tuairisc ón Roinn Innealtóireachta Sibhialta agus Staidéir Fhoirgníochta.

Eolas Ginearálta
I mí Mheán Fómhair 2008 eagraíodh cúrsaí céad bhliana agus ceathrú bliana de réir seimeastair. Dá bharr sin ba ghá gach clár ama a atheagrú. Cuireadh an córas nua seo tús le Modúil Leathnú Oideachais agus Cleachtas Field & Saotharlainne. Tháinig an chéad ghrúpa mac léinn Suirbhéireacht Cainníochta chuig an Institiúid i mí Mheán Fómhair 2008 agus ghlacadar a gcuid modúl ar fad in éineacht le mic léinn Foirgníochta. De thoradh ar an lag-trá eacnamaíochta ba dheacair socrúcháin oibre do mhic léinn Bainistiú Foirgníochta agus Innealtóireachta Sibhialta a fháil agus dá bharr sin tugadh isteach socrúchán oibre malartach. Ghlac ceathrar mac léinn páirt ann.

Imeachtaí Tábhachtacha
Tiocfaidh an sorcas go ITT! Dhein James Soper, fear a bhí fostaithe ag Innealtóirí na hÉireann, seó ar nós sorcais in ITT ar an 9ú Feabhra le linn seachtain na hInnealtóireachta do 500 éigin daltaí bunscoile.

Ar an lá céanna tháinig grúpa mac léinn ó Scoil Inbhear Scéine ón Néidín ar chuairt go hITT. D'fhéachadar ar an Garáiste, ar an gCeardlann Mheicníochta, ar an Saotharlann Innealtóireachta Sibhialta, an Limistéar Adhmadóireachta agus ar an Saotharlann Mheicníochta.

Bhí mic léinn foirgníochta rannpháirteach i nDúshlán Mac Léinn CIOB in ITL ar 19 Feabhra 2009.

Ar an 25 Feabhra cuireadh seisear mac léinn agus John Murphy faoi agallamh don gClár Gnó Raidió Chiarraí le hAnna Cuirtin. Craoladh na hagallaimh ar an dá oíche Dhéardaoin dar éis.

Thug An Ríocht, an chraobh áitiúil d'Innealtóirí na hÉireann, a gclár geimhridh de léachtaí sa bhfoirgneamh Solas in ITT.

Dhein Innealtóirí na hÉireann athbhreithniú ar an Ardteastas in Innealtóireacht Shibhialta agus ar an mBaitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta ar an 27 agus 28 Aibreán. Tugadh creidiúnú iomlán a mhairfidh ar feadh 5 bliana don dá chúrsa.

Cruinnithe Roinne
Reáchtáladh cruinniú gach mó chun roinnt saincheisteanna a phlé a gcaithfidh an Roinn dul i ngleic leo, Seo cuid díobh:

- Dul chun cinn Printísigh
- Féilire Acadúil
- Socrúcháin Oibre Mhalartacha
- Creidiúnú ó Innealtóirí na hÉireann
- Athbhreithniú Institiúide – féin-staidéar ar Athbhreithniú Innealtóirí na hÉireann, féin-staidéar ar chur i ngníomh an mhodúlaithe
- Feidhm na scrúdaitheoirí seachtracha
- Forbairt Cúrsa
- CAD
- Struchtúir Acadúla nua
- Leithdháileadh Foirne Acadúla

Taighde
Bhí trí cruinnithe ag an nGrúpa Taighde um Fhuinneamh Innealtóireachta le linn 2008/2009. Bhí Jack O'Driscoll ó Thermohouse, Deirdre Johnston ó Design Shannon agus Tomas Hayes, Oifigeach Forbartha Contae ag na cruinnithe.

Ar líon mór na gceisteanna a pléadh áiríodh go gcuirfí grúpaí níos lú ar bun a phléann giniúint fuinnimh, dáileadh fuinnimh, bainistiú fuinnimh agus an comhshaol.

Forbairt Cúrsaí
Forbraíodh cúrsa B.Eol. i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh mar chomhfhiontar idir an dá roinn innealtóireachta in ITT. Cuirfear tús le hobair ar chúrsa leibhéil 8 sa bhliain acadúil 2009/2010.

Mhol an roinn cúrsa dar teideal Dámhachtain Sainchuspóra i bhFeidhmeanna Insliú Foirgnimh mar rannchuidiú leis an gClár um Ghníomhachtú an Mhargadh Saothair. Dhein painéal seachtrach imscrúdú ar an moladh ar 26ú Meitheamh 2009 agus dheimhnigh an tÚdarás Ardoideachais i mí Iúil 2009 gur éirigh le moladh na hInstitiúide.

Thionól an roinn dhá chruinniú pleanála i mí Bhealtaine agus i mí Mheithimh 2009. Deineadh cinneadh go ndéanfadh an roinn iniúchadh ar na cúrsaí nua seo a leanas:

- Baitsiléir Eolaíochta i mBainistiú Áiseanna
- Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte & Sábháilteacht
- Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Comhshaoil
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Suirbhéireacht Cainníochta

Tairgtear áiteanna dóibh siúd atá ag déanamh iarratais faoi láthair ar chúrsaí Baitsiléir Eolaíochta i mBainistiú Áiseanna agus Baitsiléir Eolaíochta i mBainistiú Innealtóireachta Sibhialta ar chúrsa Baitsiléir Eolaíochta i mBainistiú Foirgníochta.

Dul chun cinn Printísigh
Cuireadh in iúl do Cheann na Roinne i mí na Samhna 2008 go raibh comhaontú tugtha ag ITT oibriú as láimh a chéile le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlaigh chun clár Foghlama Obair –Bhunaithe ar líne um dul chun cinn a dhéanamh a fhorbairt do phrintísigh. I ndiaidh roinnt chomhchuinnithe chinn ITT a bhealach um dhul chun cinn féin a fhorbairt. Chomhaontaigh Bord na Roinne an méid seo a leanas i ndiaidh dul i gcomhairle le foireann Cearpantóireachta agus Siúinéireachta agus i ndiaidh léarscáilithe an chlár Cearpantóireachta agus Siúinéireachta ar aghaidh chuig Ardteastas Foirgníochta:

1. Féadfaidh saoirí adhmaid cáilithe a fuair grád pas i scrúduithe Céim VI dul isteach i mbliain 1 den Ardteastas i bhFoirgníocht agus tá díolúintí acu i Líníocht, Teicneolaíocht Foirgníochta 1, agus i dTeicneolaíocht Foirgníochta.
2. Féadfaidh saoirí adhmaid cáilithe a fuair grád gradaim i scrúduithe Céime VI dul isteach i mbliain 2 den Ardteastas i bhFoirgníocht. D'fhéachfaí ar iarrataisí ceardaithe eile ar bhonn an duine aonair.

Áiseanna
Bhíothas ag súil go mbeadh ar mhórán grúpaí ranga grúpaí níos lú a dhéanamh le haghaidh na modúl atá bunaithe ar ríomhairí, de réir mar a deintear le roinnt blianta anuas. Deineadh plé faoi saotharlann ríomhaireachta a fhorbairt ina bhfuil idir 32 agus 36 stáisiún. Níl ach 28 stáisiún sna saotharlanna faoi láthair. Dhein an bord athbhreithniú i ndiaidh na scrúduithe ar na rátaí tréchuir cinneadh oibreacha dá leithéid a chur ar athló.

Athbhreithniú Institiúideach
Dhein an Roinn athbhreithniú ar chur i ngníomh an mhodúlaithe/seimeastraithe agus glacadh leis an gcuairt maidir le creidiúnú ó Innealtóirí na hÉireann a fháil mar chuid d'fhéin-staidéar an Athbhreithnithe Institiúidigh. Déanfar an tAthbhreithniú Institiúideach ar an 30 Samhain, 1 Nollaig agus 2 Nollaig 2009.

Soláthar Foirne
Níor tháinig aon athrú ar líon na mball foirne buan i 2008/2009

Ceann Scoil na hInnealtóireachta:	Kevin Lynch, Uas.
Ceann Roinne: Innealtóireacht Shibhialta & Staidéar Foirgníochta:	John Murphy, Uas.
Ceann Roinne Gníomhach: Innealtóireacht Shibhialta & Staidéar Foirgníochta (Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2009):	John Jones, Uas.

Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta

Tairgeann Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta réimse leathan cúrsaí tríú leibhéil atá creidiúnaithe ag CDAOO, idir Ardteastas agus Céim Máistreachta.

I 2008/2009 tugadh bailíochtú do na cúrsaí seo a leanas:

- B.Eol. in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil
- B. Eol. (Onóracha) Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Comhshaoil
- B.Eol. i dTF (Oideachas agus Oiliúint)
- B. Eol. (Onóracha) i dTF (Oideachas agus Oiliúint)

- M.Eol. i bhFaisnéisíocht Cúram Sláinte
- I 2008/2009 cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas:
- An clár um Thosach Míochaine
- B.Eol. in Anailís Chógasaíochta mar aon le Fóiréinsic
- B.Eol. (Onóracha) in Anailís Chógasaíochta mar aon le Fóiréinsic
- B.Eol. i Sláinte & Fóillíochta mar aon le Suathaireacht
- Miondámhachtainí (go Leibhéal 8)
  - Teastas i bhForbairt Teiripí atá díríthe ar Ghearr-réiteach
  - Teastas i mBainistiú Cúram Créachta

Tháinig méadú 12% ar líon na mac léinn i gcomparáid leis an mbliain seo chaite. Tá 1,106 mic léinn sa roinn anois (151 mhac léinn páirtaimseartha san áireamh, laghdaithe ó 182 sa bhliain roimhe seo, agus 955 mic léinn lánaimseartha, méadú ó 806 sa bhliain roimhe seo).

Tá Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta an-ghníomhach i dtaighde agus tá a lán nascanna comhoibrithe aici leis an tionscal. Tá 44 mic léinn cláraithe le haghaidh staidéar iarchéime (múinte agus trí thaighde) i láthair na huaire.

Tá ceithre Roinn i Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta:
- Ríomhaireacht & Matamaitic
- Eolaíochtaí Ceimice & Beatha
- Staidéar Sláinte & Fóillíochta
- Staidéar Altranais & Cúram Sláinte

Ceann Scoile:	Seamus O'Shea, Uas.
Ceann Roinne: Eolaíochtaí Ceimice & Beatha:	An Dr Michael Hall
Ceann Roinne: Staidéar Sláinte & Fóillíochta:	An Dr Michael Hall
Ceann Roinne: Ríomhaireacht & Matamaitic:	Aisling Sharkey, Uas.
Ceann Roinne: Staidéar Altranais & Cúram Sláinte:	An Dr Gary Brown

Cláracha

Cuireann IT, Trá Lí réimse cláracha lán-aimseartha Staidéar Gnó & Sóisialta, Staidéar Innealtóireachta & Foirgníochta agus Staidéar Eolaíochta & Ríomhaireachta ar fáil. Tá Údarás Tarmligthe ag an Institiúid ón gComhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna dámhachtainí a bhronnadh ag Leibhéil 6, 7, 8 agus 9 (cláracha múinte) i gCreatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí.

An Scoil Ghnó & Daonnachtaí:
Ardteastas in Ardstaidéar Gnó
Ardteastas i Staidéar Gnó
Ardteastas i gCórais Faisnéise Oifige
Ardteastas i nGnó i mBainistiú Miondíola
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Turasóireacht Eachtraíochta
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córais Faisnéise
Céim Baitsiléara i nGnó i dTurasóireacht
Céim Baitsiléara i nGnó i dTurasóireacht agus Teangacha
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Gnó sna hEalaíona Cócaireachta
Baitsiléir Gnó i mBainistiú Beáir
Baitsiléir Gnó - Cuntasaíocht
Baitsiléir Gnó - Bainistíocht
Baitsiléir Gnó - Margaíocht
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas Oibre Óige agus Pobail
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Baitsiléir Gnó (Onóracha) - Margaíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) - Bainistíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) - Cuntasaíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i r-Ghnó
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luathóige
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Pobail
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Fáilteachais

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Turasóireacht Eachtraíochta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheán Idirghníomhach
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCraoladh Teilifíse, Raidió agus Meán Nua

Cláracha de chuid Fáilte Éireann atá á dtairiscint ag an Institiúid:
Ardteastas i Staidéar Gnó Turasóireachta
Ardteastas i gCócaireacht Ghairmiúil
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil scaoileadh lae
Teastas Náisiúnta i Scileanna Turasóireachta
Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais
Ardteastas in Oibríochtaí Oifig Tosaigh Óstáin

Cláracha Iarchéime:
Máistreacht trí thaighde
PhD trí thaighde (Múinte)
Máistreacht i Riarachán Gnó (Múinte)

Scoil na hInnealtóireachta:
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas Innealtóireachta i bhFoirgníocht
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Thalmhaíochta
Ardteastas Innealtóireachta i nGléasra Foirgníochta
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Déantúsaíochta
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Shibhialta
B. Eol. (Gnáthchéim) i bhFoirgníocht
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Thalmhaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) i Suirbhéireacht Cainníochta
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Táirgeachta
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictre
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Áiseanna
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Táirgeachta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireachta Sibhialta
FÁS Cearpantóireacht & Siúinéireacht Céim 4
FÁS Cearpantóireacht & Siúinéireacht Céim 6
FÁS Meicníocht Thalmhaíochta Céim 4
FÁS Meicníocht Thalmhaíochta Céim 6
Máistreacht trí thaighde
PhD trí thaighde

Scoil na hEolaíochta:
Ardteastas Eolaíochta i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas Eolaíochta i gCeimic Fheidhmeach
Ardteastas Eolaíochta i Sláinte & Fóillíochta
Ardteastas Eolaíochta & Ríomhaireachta – Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise
Ardteastas Eolaíochta & Ríomhaireachta – Eolaíocht Bhitheolaíochta agus Chomhshaoil
Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta mar aon le Fóiréinsic
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Corpoideachais
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht mar aon le Suathaireacht
Baitsiléir Eolaíochta i dTacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Seirbhísí Ríomhaire

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Idirlín
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Seirbhísí Ríomhaire
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht – Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas – Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas – Altranas Síciatrach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirige/Próisis
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Chógaisíochta mar aon le Fóiréinsic
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fiadhúlra
Ard-Dioplóma san Altranas in Altranas Seaneolaíoch
Ard-Dioplóma san Altranas in Idighabháil Síceolaíoch i Sláinte Mheabhrach
Ard-Dioplóma san Altranas i dTrasdul Speisialtóra

Cláracha Iarchéime:
Máisteacht & PhD trí thaighde
Máisteacht Eolaíochta trí Thaighde
PhD in Eolaíocht trí Thaighde
Máisteacht Eolaíochta i dTeicneolaíochtaí Oideachais
Máisteacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht
Máisteacht Eolaíochta san Altranas

Miondámhachtainí:
Teastas i dTeicneolaíocht Faisnéise
Teastas i bhForbairt Gréasáin
Teastas i Staidéar Ginearálta i Staidéar Gnó agus Pobail
Teastas i mBainistiú Gnó
Teastas i mBainistiú Seirbhís Cúram Leanaí
Teastas i Straitéiseacha Idirghabháil Óige
Teastas i Staidéar Tosaigh i dtaobh Ardoideachais
Teastas i dTeiripe atá dírithe ar Ghearr-réiteach
Teastas i mBainistiú Cúram Créachta

Bunteastas Idirnáisiúnta (Mic léinn ón Arab Sádach)
Clár Tosnaithe Leighis (Mic léinn ón Arab Sádach)

Scrúdaitheoirí Seachtracha

Ceapann an Institiúid Scrúdaitheoirí Seachtracha chun a chinntiú go ndéantar rialú ar chaighdeáin ag scrúduithe atá faoi stiúir na Comhairle. D'fhéadfaí scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh i ndáil le clár ina iomláine nó maidir le hábhair ar leith.

Is iad feidhmeanna na scrúdaitheoirí seachtracha ná:

- A chinntiú go gcuirfear caighdeáin chuí i bhfeidhm
- A chinntiú go bhfuil caighdeáin inchomórtais idir institiúidí
- Ag féachaint ar dhréachtaí gach páipéar scrúdaithe, freagraí samplacha agus scéimeanna marcála, athbhreithnithe, ceartúcháin, mionathruithe srl a dhéanamh a mheasann siad a bheith cuí
- Tuairim a cheapadh maidir le hoiriúnacht marcáil na n-ábhar scrúdaithe a chuirtear os comhair iarrthóirí ag gach leibhéal rangaithe
- Féachaint ar ábhar measúnachta a chuireann mic léinn isteach
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin in aghaidh na bliana acadúla

D'oibrigh na daoine seo a leanas mar scrúdaitheoirí seachtracha don Institiúid le linn na Bliana Acadúla 2008/2009.

Scoil an Staidéir Ghnó & Shóisialta

John Andy Bonar, Uas.	Baitsiléir Ealaíon Staidéar Pobail
	Baitsiléir (Onóracha) Staidéar Pobail
	Baitsiléir Gnó
	Baitsiléir Gnó (Onóracha)
	Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise

	Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht & Teangacha Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha
Sean Connell, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Óstáin
An Dr Maire Nic Mhathúna	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
An Dr Derek McInerney	Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó i nGnó Idirnáisiúnta Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Mikael Fernstrom, Uas.	Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha
Richie Hoare, Uas.	Máistreacht i Riarachán Oifige
Cathal Kearney,	Ardteastas i nGnó (Gnó Ardleibhéil) Ardteastas Gnó Baitsiléir Gnó Ardteastas i nGnó i gCóras Faisnéise Oifige Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Gnó (Onóracha) ab-initio
Noelle O'Connor, Uas.	Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht agus Teangacha Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht agus Teangacha
Tomas Mangan, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Óstáin Baitsiléir Gnó i mBainistiú Beáir
Barry Donnelly, Uas.	Ardteastas i nGnó (Ardleibhéal Gnó) Ardteastas i nGnó Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha) Baitsiléir Gnó (Onóracha) ab-initio
An Dr Áine De Róiste	Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach agus i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach agus i gCúram Sóisialta
Tom O'Connor, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach agus i gCúram Sóisialta
An Dr Brian Coates	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Pobail
Gerard O'Donovan, Uas.	Bunteastas i nGnó & Staidéar Pobail Ardteastas i nGnó i gCóras Faisnéise Oifige Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Gnó (Onóracha) Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Ríomhghnó Baitsiléir Ealaíon (ab-initio) i mBainistiú Córas Faisnéise
An Dr John O'Flynn	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Pobail
Gerard Phillips, Uas.	Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
An Dr Aidan Daly	Ardteastas in Oibríochtaí Miondíola Máistreacht Gnó
Grainne Daly, Uas.	Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht agus Teangacha Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht agus Teangacha

An Dr Philip O'Reilly	Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Ríomhghnó
Deirdre Scott, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luathóige
An Dr Ann Thorne	Máistreacht Riarachán Gnó
Michael Murphy, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCraoladh Teilifíse, Raidió & Meán Nua
Louise Fitzpatrick, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtas Obair Óige agus Pobail Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas Obair Óige agus Pobail
Frank Xavier O'Connor, Uas.	Baitsiléir Ealaíon sna hEalaíona Cócaireachta (Páirtaimseartha)

Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta

An Dr James J. Brennan	Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Ardteastas Eolaíochta i gCeimic Fheidhmeach Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le forbairt Táirge/Próisis
Eamonn De Leastar, Uas.	Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht
An Dr Deirdre Gilroy	Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Ardteastas Eolaíochta i gCeimic Fheidhmeach Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Anailíseach Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge/Próisis
Paula Holt, Uas.	Máistreacht Eolaíochta san Altranas
Jean Hughes, Uas.	Ardteastas Eolaíochta sa Ríomhaireacht Ardteastas Eolaíochta & Ríomhaireacht - Tacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Seirbhísí Ríomhaire Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le Staidéar Ilmheáin Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Staidéar Ilmheáin Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise Máistreacht Eolaíochta i dTeicneolaíochtaí Oideachais
An Dr Liam Hennessy	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Corpacmhainne agus Fóillíochta
Pauline Jordan, Uas.	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta
Audrey Chambers, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta san Altranas (Cnuasach Creidiúintí agus Creidiúnú Ábhar) Ard-Dioplóma Eolaíochta san Altranas (Altranas Seaneolaíoch)
Jane McCarthy, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Ginearálta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Síciatrach
An Dr Andy Fogarty	Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Ardteastas Eolaíochta i gCeimic Fheidhmeach Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Anailíseach Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le forbairt Táirge/Próisis

An Dr R.H. Morgan	Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht Máistreacht Eolaíochta i i dTeicneolaíochtaí Oideachais
Humphrey Murphy, Uas.	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Corpacmhainne agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
An Dr Siobhan McClean	Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Ardteastas Eolaíochta i gCeimic Fheidhmeach Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Anailíseach Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach i bhForbairt Táirge / Próisis
An Dr Barry Feeney	Ardteastas Eolaíochta sa Ríomhaireacht Ardteastas Eolaíochta & Ríomhaireacht - Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Seirbhísí Ríomhaire Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise
Gordon Mitchell, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Síciatrach Ard-Dioplóma Eolaíochta san Altranas (Struchtúr Trasdul Speisialtóra) Ard-Dioplóma Eolaíochta san Altranas (Idirghabhálacha Síceolaíocha Sláinte Meabhrach)
An Dr Evelyn Carnegie	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Corpacmhainne agus Fóillíochta
Leo Darcy, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas (Cnuasach Creidiúintí agus Creidiúnú Ábhar)
An tOll. Mary O'Sullivan	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Corpacmhainne agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
An Dr Frank O'Brien	Ardteastas i Seirbhísí Bitheolaíochta agus Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fiadhúlra

Scoil na hInnealtóireachta

Paul Campbell, Uas.	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta
An Dr Tadhg Brosnan	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
Liam Costello, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Déantúsaíochta
An Dr John Donovan	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Déantúsaíochta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach
Maeve Fitzpatrick, Uas.	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta
Donal Collins, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta
Dave Halloran, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna
Robert Hartle, Uas.	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta
Rory Kilgallen, Uas.	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach

Tomas O'Donoghue, Uas.	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Michael O'Donoghue, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Talmhaíochta
Ian James Loynes, Uas.	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Talmhaíochta
An Dr Tony Murray	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Tom King, Uas.	Ardteastas i nGléasra Foirgníochta
Eugene O'Sullivan, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i nGléasra Foirgníochta
Robert Smyth, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta i Suirbhéireacht Cainníochta
Cormac Murphy, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireachta Sibhialta

Staitisticí na Mac Léinn

TUAIRISCEÁIN BHLIANTÚLA – CLÁRÚ MAC LÉINN LÁNAIMSEARTHA

Clárúcháin Tríú Leibhéil de réir Leibhéal Dámhachtana by Level of Award

	Líon Iomlán	**Céatadán**
Bunleibhéal - Leibhéal 05		
Scoil an Staidéar Gnó	3	0.11%
Leibhéal 05 Iomlán	**3**	**0.11%**
Ardteastas - Leibhéal 06		
Scoil Ghnó & Daonnachtaí	175	6.29%
Scoil na hInnealtóireachta	155	5.57%
Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóillíocht	101	3.63%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	21	0.76%
Leibhéal 06 Iomlán 452	**452**	**16.25%**
Gnáthchéim - Leibhéal 07		
Scoil Ghnó & Daonnachtaí	418	15.03%
Scoil na hInnealtóireachta	126	4.53%
Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóillíocht	170	6.11%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	87	3.13%
Leibhéal 07 Iomlán	**801**	**28.80%**
Céim Onóracha – Leibhéal 08		
Scoil Ghnó & Daonnachtaí	423	15.21%
Scoil na hInnealtóireachta	51	1.83%
Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóillíocht	109	3.92%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	76	2.73%
An Scoil Altranais	293	10.54%
Leibhéal 08 Iomlán	**952**	**34.23%**
Iarchéimeithe Lánaimsearth. & Páirtaimsearth. Leibhéal 09 agus 10 (ar an 31 Márta 2009)		
Scoil Ghnó & Daonnachtaí	48	1.73%
Scoil na hInnealtóireachta	1	0.04%
Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht	28	1.01%
Scoil an Altranais	13	0.47%
Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha/Sláinte & Fóillíocht	13	0.47%
Iomlán na nIarchéimithe	**103**	**3.70%**
Cláracha Fáilte Éireann in Ostán & Lónadóireacht	112	4.03%
Printíseachtaí (Deireadh na Bliana Acadúla)	358	12.87%
IOMLÁN SA CHOLÁISTE:	**2,781**	**100.00%**

Bunús Mac léinn Tríú Leibhéil de réir dúchais



Clarúcháin tríú leibhéil, Fireannaigh



Clarúcháin tríú leibhéil, Baineannaigh



Clarúcháin tríú leibhéil de réir disciplín



Cúlra soch-eacnamaíoch na Mac léinn tríú leibhéil (Iontrálaithe Nua Amháin)



Tuarascáil ar Sheirbhísí do Mhic Léinn

Bhíomar an-bhroidiúil sa bhliain seo chaite; tá fás tagtha ar líon na rannpháirtithe agus na n-úsáideoirí i ngach ceann de na seirbhísí atá ar fáil do mhic léinn. Is í an chuspóir atá ag Seirbhísí Mac Léinn na hInstitiúide ná:

"Timpeallacht chomhbhách thacúil a chruthú chun a chinntiú go dtacófar le gach mac léinn agus go gcumasófar é chun a acmhainn phearsanta agus acadúil iomlán a bhaint amach"

Forbraíodh soláthar Seirbhísí do Mhic Léinn mar fhreagra don éileamh atá á chur orthu ag pobal mac léinn, pobal atá ag dul in éagsúlacht de réir a chéile. De réir mar atá molta i dTuairisc an Údarás Ardoideachais ar Fhorbairt Seirbhísí do Mhic Léinn (1998) tá socrú déanta ag an Institiúid go ndéanfar comhairliú agus comhoibriú ar bhonn fairsing i ndáil le soláthar foirne agus maoiniú na Seirbhísí, athbhreithniú ar Chaiptitíocht Mac Léinn agus plé rialta le hAontas na Mac Léinn san áireamh. Tá struchtúr le haghaidh comhairlithe sainithe ag IT, Trá Lí ina bhfuil Aontas na Mac Léinn, an Oifig Airgeadais agus an Grúpa um Sheirbhísí do Mhic Léinn rannpháirteach agus caipitiú na Mac Léinn á leithdháileadh ar na seirbhísí. De réir mar atá líon agus éagsúlacht na mac léinn a fhreastalaíonn ar an Institiúid ag dul i méid beidh mar dhúshlán roimh na seirbhísí caighdeán ard a chothú i soláthar na seirbhísí atáthar ag cur ar fáil go dtí seo.

Rochtain & Míchumas
Sa bhliain acadúil seo ba é 4 faoin gcéad ráta rannpháirtíochta iomlán na mac léinn lánaimseartha a bhfuil míchumais orthu agus 6.4 faoin gcéad ab ea é má ghlactar mic léinn a bhfuil disléicse orthu san áireamh. Ba é 1.8 faoin gcéad an sprioc um Rochtain Náisiúnta le haghaidh iontrálaithe nua i 2006. Léirigh seo go soiléir go rabhthas ag díriú ar iontráil agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a bhfuil míchumais orthu. Bhí fás ag teacht ar fud na bliana ar líon na mac léinn a úsáideann seirbhísí na hOifige Iontrála. Tá an Clár Meantóireachta Piara do Mhic Léinn aibí faoi lán tseol le bliain anuas mar uirlis do mhic léinn aibí chun leas a bhaint as tacaíocht piara. Is í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí an Institiúid is mó i measc Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann a fhreastalaíonn mic léinn aibí uirthi (24%). Dhein an Clár Pathfinders (clár Rochtana) dul chun cinn breá i gcaitheamh na bliana. Maidir leis an gClár Spóirt ar mhaithe le Rath, tá sé ag dul ó neart go neart agus méadú ag teacht ar a rannpháirtithe bliain i ndiaidh bliana. Bhí an nasc le hOllscoil Luimnigh trí Chuibhreannas na Sionainne ag fás i gcónaí. Leanadh ar aghaidh ag cur mac léinn chuig an Ionad Measúnachta um Theicneolaíocht Oiriúnaitheach. Táthar ag súil go dtiocfaidh fás ar an bpróiseas tarchuir seo sna blianta amach anseo.

Teagascóir Tacaíochta Disléicse
Tá feidhm fhíor-thábhachtach ag an Oifig um Thacaíocht Disléicse maidir le spriocanna foghlama Plean Straitéiseach na hInstitiúide. Níor cuireadh leis na hacmhainní atá ar fáil don tseirbhís seo ón tosach agus níl ach teagascóir páirtaimseartha ag an tseirbhís a fhreastalaíonn ar bhreis is 100 mac léinn a bhfuil riachtanais éagsúla acu. Maidir leis na mic léinn réamh-iontrála, téitear i dteagmháil linn níos minice agus cuirtear ceisteanna orainn faoi thacaíocht riachtanais. Má bhíonn an scéal níos casta bíonn orainn cruinnithe a chur ar siúl le mic léinn/baill teaghlaigh/Teagascóir tacaíochta disléicse/Ionadaithe acadúla san Institiúid roimh theacht dóibh. Cosúil leis an tacaíocht míchumais in IT, Trá Lí bíonn an Oifig Tacaíochta Disléicse ag gaibhniú nascanna láidre riamh is choíche i gCuibhreannas na Sionainne, é ag déanamh naisc leis an Ionad um Mheasúnacht Teicneolaíochta Cúnta in Ollscoil Luimnigh chun measúnachtaí a chur ar fáil do mhic léinn IT, Trá Lí de réir mar a bhíonn gá leo. Tríd an nasc seo tá eolais faighte againn ar uirlisí agus ar threalamh a chabhraíonn linn freastal ar riachtanais mac léinn a bhfuil difríochtaí foghlama acu. Mar thoradh ar sheomra acmhainne Teicneolaíochta Cúnta sainithe a oscailt sa Leabharlann agus Ionad Acmhainne Nua tá ar intinn againn cur leis an trealamh atá ar fáil agus leis an oiliúint ar an láthair a chuirfear ar fáil.

Séiplíneacht
Cuireadh siúlóid bhliantúil leis na imeachtaí a ghabhann leis an obair shéiplíneachta. Chomhlíon an Séiplíneach a chuid oibre ar an bpainéal agallaimh don ESF uair eile i mbliana. Is é an príomhról atá ag an Séiplíneach ina chuid oibre mar chúramaí tréadach ná a bheith ag tacú leis na baill foirne agus na mic léinn nuair a bhíonn siad ag cur aghaidhe ar bhuaicphointí agus ar dheacrachtaí an tsaoil agus brí spiordálta a chur lena gcuid eachtraí agus eispéiris. Cuireann seo ar leataobh é agus comhlánaíonn sé obair na Seirbhísí eile do Mhic Léinn.
Tugann an Séiplíneach tacaíocht mhéala do bhaill foirne agus do mhic léinn araon in aimsir an ghátair. Mar iarracht nasc a ghaibhniú le pobal na céad bhliana ghlac an Séiplíneach ról mar chóitseálaí/roghnóir foireann peile lucht na gcéad bhliana. Beart fíorluachmhar ab ea é seo mar bhí teagmháil aige leis an ngrúpa i ndálaí nach dálaí géarchéime iad. Lean an Séiplíneach air ag forbairt caidrimh leis na soláthraithe lóistín mhic léinn i dTrá Lí. Is léir gur chaidreamh fíorthábhachtach é seo sa mhéid go dtugann sé deis dó dul i ngleic le mionfhadhbanna go luath agus cosc a chur ar aon chor chun donais nach bhfuil gá leis. Ina theannta sin tá an Séiplíneach mar chathaoirleach ar Choiste Carthanachta na hInstitiúide agus bíonn sé freagrach as an Ciste Carthanachta a bhainistiú as a dtugtar cúnamh do mhic léinn nuair a bhíonn gá acu.

An tIonad Sláinte
Féadann daoine teacht chuig an Ionad Sláinte mar thoradh ar iad a bheith curtha ar aghaidh ó dhaoine nó ranna éagsúla. Tá sás oibre á fhorbairt ag an Ionad Sláinte le bliain anuas i gcomhar leis an séiplíneacht agus an gcomhairleoir chun mic léinn a chur ar aghaidh agus a chros-tharchur chuig seirbhís a chéile. Tá an tIonad Sláinte ag cothú nascanna i gcónaí le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta i réimse na Sláinte.

Thug mic léinn breis is 2,800 cuairt ar an Ionad Sláinte sa bhliain. Bíonn an tIonad ag tairiscint cuairteanna banaltra saor in aisce i gcónaí agus gearrtar €10 ar chuairt dochtúra. Baineann formhór na mbreoiteachtaí coirp, síciatracha nó síceolaíocha le stíl bheatha, fadhbanna pearsanta, strus cúrsa nó staidéir agus le gortú. Reáchtáladh clinicí sláinte agus imeachtaí chun cúrsaí sláinte a chur chun cinn ó cheann ceann na bliana.

Comhairleoireacht
Tugadh isteach ceardlanna agus seisiúin ghrúpa mar shás níos éifeachtaí chun freastal ar riachtanais phobal na mac léinn.

Áiríodh iad seo a leanas ar na seirbhísí a thug comhairleoir do na mic léinn:
- Ceardlanna maidir le stíl bheatha agus sláinte mheabhrach
- An Lámh in uachtar a fháil ar strus scrúdaithe
- Measúnú agus comhairleoireacht
- Oiliúint aireachais
- Comhairle a chur ar fáil do bhaill foirne/mic léinn

Tá áis "Comhairleora faoi Oiliúint" á chur ar fáil ag an tSeirbhís Chomhairleoireachta, rud a thugann slí do líon níos mó mac léinn leas a bhaint as an tSeirbhís Chomhairleoireachta. Tá an tseirbhís ag leanúint uirthi ag cothú caidreamh le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí lasmuigh den Institiúid.

Spórt
Bíonn an Oifig Spóirt ag cur ar fáil cláir spóirt fíorshuimiúil a fhreastalaíonn orthu siúd i bpobal na mac léinn ar aoibhinn leo spórt iomaíoch nó spórt mar chaitheamh aimsire. Tá borradh faoi líon na mac léinn atá ag tabhairt faoi spórt de bharr go bhfuil an pháirc imeartha shintéiseach uile aimsire agus na háiseanna sóinseála a críochnaíodh le linn na bliana acadúla seo tógtha. Tá a lán daoine ag gabháil do spórt mar chaitheamh aimsire i gcónaí ar an gcampas agus tugadh faoi deara go bhfuil méadú ar an rannpháirtíocht tagaithe le bliain anuas. Tá fás ar rannpháirtíocht i spórt i gcónaí d'ainneoin easpa áiseanna spóirt faoi dhíon a bheith ar an gcampas. Tá súil againn go gcabhróidh pleananna atá ar na bacáin áiseanna spóirt faoi dhíon a fhorbairt thar na blianta atá romhainn tuilleadh rannpháirtíochta i spórt a spreagadh san Institiúid.

Fuair 17 mac léinn scoláireachtaí spóirt agus cuireadh Sparántacht CLG na Mumhan ar fáil do 7 mac léinn. Tá meas mór ar a oíche bhliantúil na nGradam Spóirt. Oíche í seo atá ina hócáid shóisialta fhoirmeálta ina dtugtar aitheantas do mhic léinn a bhíonn rannpháirteach i spórt. Lean an Oifig Spóirt uirthi ag cur altanna isteach i "Rannán Saol an Choláiste" sa pháipéar nuachta The Kerryman.

Na Cumainn
De bharr go dtacaítear le cumainn trí Oifigeach Cumainn a mhaoiniú tugtar deis do na mic léinn suim a ghlacadh i gcúrsaí sóisialta agus rudaí lasmuigh den gcuraclam agus dá saothar acadúil. Bhí na Cumainn agus na Clubanna Spóirt ina n-óstach do lá Spóirt agus Cumainn ar an dá champas. Spreag seo lucht na céad bhliana chun ballraíocht a ghlacadh sna cumainn ó thús na bliana. Chuir Oifigeach na gCumann le hailt sheachtainiúla i "Rannán Saol an Choláiste" sa pháipéar nuachta The Kerryman. Bhí Oifig na gCumann i gcomhar leis an Séiplíneach ina cúis leis an gcomórtas ceoil Fachtóir IT uile-Éireannn a óstáil. Bhíothas ag díriú ar cumainn atá ann cheana féin a chur chun cinn ar fud na bliana agus cuireadh béim bhreise ar nósanna imeachta a fhorbairt i ndáil le maoiniú agus próisis iarratais chomórtasaigh. Is é atá i gceist ná leas a bhaint as an méadú suime sna cumainn thar na blianta amach romhainn.

Gairmréimeanna
D'éirigh go breá le hAonach na nGairmréimeanna sa Bhliain Acadúil 2008/2009. D'fhreastail breis is 30 ionadaí ar fhostóirí, cuideachtaí, eagraíochtaí agus comhlachtaí gairmiúla ag an ócáid. Táimid ag leanúint orainn ag gaibhniú caidreamh níos dlúithe sa mhéid go bhfuil naisc ag baill den bhFhoireann acadúil leis an tionscal. Ag an am céanna táimid ag aithint treochtaí san ionad margaidh. Chuathas i gcomhairle le baill den bhfoireann léachtóireachta maidir le forbairt an tSuirbhé ar Iarchéimithe. Cuireadh tuairisc an tsuirbhé faoi bhráid an Bhord Rialaithe agus tá sí áisiúil mar acmhainn do na ranna acadúla agus cúrsaí nua á bpleanáil agus á bhforbairt acu.

Tuarascáil ar Acmhainní Daonna

Dhein roinnt ball foirne comóradh 25 bliana i seirbhís na hInstitiúide. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt leis, do bheirt bhall den bhfoireann a chuaigh ar scor le linn na Bliana Acadúla 2008/2009.

Coinníodh na cúrsaí oiliúna seo a leanas le linn na bliana. Bhí freastal maith orthu agus fuarthas aiseolas maith orthu:
- Bainistíocht Athruithe
- Traenáil Dífhibrileora
- Bainistiú Togra
- Láimhsiú

- Casaoid a láimhseáil
- Seimineár ar Phleanáil Scoir
- Cúrsa ar Sheirbhís Custaiméara
- Scríobh Tuarascála
- Bainistiú Ama, Fuinnimh & Eagraithe
- Scileanna Láithreoireachta
- Garchabhair
- Bainistiú Coimhlinte
- Seimineáir ar Thuiscint Bulaíochta & Ciaptha
- Oiliúint ar Dreamweaver/Photoshop
- Tús Eolais ar Powerpoint
- Tús Eolais ar an Idirlíon & R-phost
- Tús Eolais ar Ríomhairí & TF
- Bunriachtanais AutoCAD
- Tús Eolais ar Access agus Meánleibhéal Access
- Bainistiú obair mhaoirseachta
- Tús Eolais ar Excel & Meánleibhéal Excel
- Meánleibhéal Word
- Oiliúint maidir le hAthbhreithniú ar an gClár Forbartha Gairmiúla

An Clár Archimedes
- Clár Ceannaireachta
- Clár Forbairt Bainistíochta
- Cóitseáil
- Clár Acmhainní Daonna
- Margaíocht, Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid
- Scileanna maidir le dul i gcion agus idirbheartaíochta

Cóitseáil Feidhmeannach
Reáchtáladh clár cóitseála Feidhmeannach do bhainisteoirí le linn 2008/2009. Ba é Humanedge a chuir an clár ar siúl. Ghlac roinnt bainisteoirí páirt sa chlár.

Tuarascáil Airgeadais

Dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2009 ar an 28 Nollaig 2010. Ullmhaítear na ráitis airgeadais a bhfuil cuid díobh leagtha amach thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo de ghnáth faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (ach amháin maidir le sócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh faoi luacháil) agus de réir riachtanais an Aire Oideachais & Eolaíochta.

Ioncam & Caiteachas
Taispeánann torthaí na bliana barrachas oibríochta €283míle, rud a thugann barrachas carnaithe €4,744 míle go dtí an 31 Lúnasa 2009. Bhí ardú 6.7% suas go €37,317 míle ar ioncam na bliana má ghlactar deontaisí stáit dar luach €20,995 míle agus táillí teagascóireachta €6,168 míle san áireamh. €37,034 míle ab ea caiteachas na bliana, costaisí foirne dar mhéid €26,282 míle san áireamh. Leithdháileadh €465 míle ón deontas stáit athfhillteach chun caiteachas caipitil a mhaoiniú.

Cuntas Caipitil
Cheannaigh an coláiste sócmhainní seasta dar luach iomlán €5,794 míle i gcaitheamh na bliana. Ba é €2,634 míle an táille dímheasa don bhliain agus ba é glanluach na sócmhainní inláimhsithe faoin 31 Lúnasa 2009 ná €53,146 míle.

Talamh & Foirgnimh
Tá i gceist go ndéanfaidh an Oifig Luachála luacháil iomlán ar Thalamh agus Foirgnimh agus nuair a bheidh sé déanta cuirfear na luachanna a deimhníodh san áireamh leis na ráitis airgeadais. Go dtí go mbeidh torthaí na luachála againn déanfar talamh a luacháil ag nialas agus déanfar foirgnimh a luacháil ar bhonn costas athsholáthair dímheasta. Luacháladh sócmhainní seasta eile a bhí ann ar an 1 Eanáir 1993 ar bhonn a luacha ar an margadh oscailte le haghaidh úsáide láithrí. Luaitear gach breiseanna dá éis ag a gcostas.

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Cuntas Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2009

	2009 €'000	2008 €'000
Ioncam		
Deontas Stáit	20,995	20,745
Táillí Teagaisc	6,168	5,549
Muirir Chlárúcháin na Mac Léinn	1,934	1,651
Amúchadh Deontaisí Caipitil Iarchurtha	2,634	2,490
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	2,571	1,870
Ioncam Eile	2,598	2,038
oncam ó Mhaoiniú Tacaíochta do Mhic Léinn arna aithint	203	225
Ioncam Úis	214	377
	37,317	**34,945**
Caiteachas		
Ranna Acadúla	21,110	20,613
Seirbhísí Acadúla	1,838	1,706
Costaisí Áiseann	3,621	2,781
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	4,192	4,560
Seirbhísí agus Conláistí do Mhic Léinn	843	714
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	2,595	1,916
Ioncam ó Mhaoiniú Tacaíochta do Mhic Léinn arna úsáid	201	225
Dímheas	2,634	2,490
	37,034	**35,005**
BARRACHAS/(EASNAMH) OIBRÍOCHTA	**283**	**(60)**
ARNA AISTRIÚ CHUIG CÚLCHISTÍ SRIANTA	(1,018)	(949)
BARRACHAS CARNAITHE AR AN 1 MEÁN FÓMHAIR	5,479	6,488
BARRACHAS CARNAITHE AR AN 31 LÚNASA	**4,744**	**5,479**

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Clár Comhardaithe amhail an 31 Lúnasa 2009

	2009 €'000	2008 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní Inláimhsithe	53,146	49,986
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Feichiúnaithe	3,307	1,353
Airgead sa bhanc agus ar láimh	10,096	9,299
	13,403	**10,652**
CREIDIÚNAITHE		
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain	(7,134)	(4,305)
GLANSHÓCMHAINNÍ REATHA	**6,269**	**6,347**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA	**59,415**	**56,333**
Arna dtaispeáint ag		
CÚLCHISTÍ		
Cuntas Caipitil	53,146	49,986
Cúlchiste Srianta	1,525	868
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	4,744	5,479
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA	**59,415**	**56,333**

Ioncam



Caiteachas Caipitil



Foinse Deontaisí Caipitil



Caiteachas



Dualgaisí Reachtúla & Fógraí

Cód Cleachtais do Rialú Eagraíochtaí Stáit
Ghlac an Institiúid leis an gCód Cleachtais do Rialú Eagraíochtaí Stáit, a d'fhaomh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001, agus táthar tar éis céimeanna a thógaint chun a chinntiú go gcloífidh an Institiúid leis an gCód.

Achtanna um Shonraí a Chosaint, 1988 agus 2003
An aidhm atá le hAchtanna um Chosaint Sonraí ná príobháideachas sonraí pearsanta an duine atáthar á phróiseáil a chosaint. Dlitear cearta sna hAchtanna do dhaoine chun cóip a fháil de gach sonra pearsanta a bhaineann leo agus atá ar coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir sonraí í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus cloítear leis an reachtaíocht.

Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001
De réir Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 soláthraíonn baill an Bhord Rialaithe ráitis leasa don Rúnaí gach bliain.

Comhionannas
Tá an Institiúid tiomanta don pholasaí um dheiseanna comhionannais agus glacann le cur chuige dearfa i leith chomhionannais san eagras. Oibríonn an Institiúid méid áirithe scéimeanna, agus roghnaithe á soláthar acu do bhaill foirne maidir lena riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha, mar atá, páirtiú in obair, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Éifeachtacht Fuinnimh
Táthar ag féachaint san Institiúid ar bhealaí chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den Institiúid.

Achtanna um Saoráil Faisnéise 1997 agus 2003
Cuirtear forálacha an Achta um Saoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh trí Acht um Saoráil Faisnéise 2003 (Leasú) i bhfeidhm san Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Tháinig an Institiúid faoi théarmaí tagartha an Achta um Saoráil Faisnéise, ar an 1 Deireadh Fómhair 2001. Bunaítear trí cheart reachtaíochta do gach duine sa phobal san Acht sin, mar atá:

- An ceart ar thaifead atá ar coimeád ag eagraíochtaí poiblí a rochtain,
- An ceart ar eolas pearsanta a bhaineann leis an duine féin a leasú nuair a bhíonn sé neamhshlán, mícheart nó sa chás go mbeadh sé míthreorach, agus
- An ceart ar chúiseanna a fháil maidir le cinntí a thógann boird phoiblí a bhaineann leis an duine féin.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide i bhfeidhm ó 2002/2003, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí eile lena mbaineann go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ag cloí le forálacha ginearálta an Achta.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997
Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (An tAcht) a tháinig i bhfeidhm 2 Eanáir 1998, ag Rialacha na gComhphobal Eorpacha 2002 (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála).

Déantar cleachtais íocaíochta na hInstitiúide a thuairisciú anseo thíos don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2009 fé mar a éilítear san Acht.

(a) Tá sé mar pholasaí ag Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta ann a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an spriocdháta. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/EFTanna fé mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmítear sa chóras rialaithe inmheánaigh rialú agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun a chinntiú go gcloífear leis an Acht. Áirítear i gcóras rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide cuntasaíocht agus rialú ríomhaireachta chun a chinntiú go n-aithnítear sonraisc chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí íocaíochta a shainmhínítear de réir an Achta. Deineadh na rialúcháin sin a dhearadh mar chinnteacht réasúnta, ní cinnteacht iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Deineann Roinn na gCuntas tuairisc a shainaithníonn sonraisc nach bhfuil íoctha agus atá amuigh fós agus athbhreithnítear an tuairisc sin go rialta.

Is deimhin leis an lucht bainistíochta gur chloígh an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Níor tháinig aon fhorbairt ábhartha chun cinn ó 1 Meán Fómhair 2009 i leith.

Sonraí na n-íocaíochtaí déanacha faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

175 an t-iomlán d'íocaíochtaí déanacha a raibh luach sonraisc níos mó ná €317 ag gabháil leo.

€1,060,907 luach iomlán na sonrasc maidir le híocaíochtaí déanacha níos mó ná €317.

Ba é meánlíon na laethanta a ndearnathas moill san íocaíocht ná 34 lá.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005
De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn na gnéithe go léir a bhaineann le leas na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí.

Nuacht Eile

Choinnigh an tUachtarán cruinniú faisnéise don bhfoireann ar an 1 Meán Fómhair 2008 agus ar an 27 Bealtaine 2009.

Thug Sir Clive Granger, buaiteoir Duais Nobel san Eacnamaíocht, cuairt ar an Institiúid ar an 8 Meán Fómhair 2008.

Osclaíodh an crèche nua ar an gCampas Thuaidh i mí Mheán Fómhair agus is féidir é a úsáid um an taca seo. Is cuid thábhachtach é de sheirbhísí tacaíochta do mhic léinn atá á gcur ar fáil ag an Institiúid.

Reáchtáladh Lá Treoaimsithe do Mhic Léinn Idirnáisiúnta ar an 12 Meán Fómhair. Fuair 184 mhac léinn as 14 thír eolas tosaigh ar an Institiúid.

Thug Máire Uí Chochláin, Tánaiste agus Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta cuairt ghairid ar an Institiúid ar an 18 Meán Fómhair i ndiaidh ócáide ag Aetna, Oileán Chiarraí, chun 70 post nua a fhógairt.

Reáchtáladh Clár an Fhiontraí Óig in Óstán Bhréannain ar an 14 Meán Fómhair 2008. D'fhreastail 950 mac léinn meánscoile agus mac léinn ó ITT air. Ba é Denis O'Brien ó Digicell an príomhchainteoir.

Reáchtáladh Lá na nGairmréimeanna ar an 8 Deireadh Fómhair. Bhí 30 gnólacht agus eagraíochtaí eile rannpháirteach ann.

Bhí an Roinn Daonnachtaí agus Staidéir Shóisialta ina hóstach do sheimineár ar "Maoiniú Pobail" i gcomhar le Nasc Tuaithe na hÉireann. Reáchtáladh an seimineár ar an 9 Deireadh Fómhair sa bhFoirgneamh Solás. Thug Colm O'Doherty agus Pat McGarty láithreoireachtaí ag an ócáid. D'fhreastail a lán grúpaí pobail éagsúla uirthi.

Reáchtáladh Searmanas Bronnta na hInstitiúide Dé hAoine 24 Deireadh Fómhair 2008. Bronnadh dámhachtain ar 1,227 gcéimithe.

Cuireadh tús le hiniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an 29 Deireadh Fómhair 2008. Bhí ceathrar iniúchóirí ar an láthair agus thug sé 3 seachtaine orthu an obair a dhéanamh.

Tugadh tuairisc faoin Institiúid ar an gclár Nationwide de chuid RTÉ Dé hAoine an 7 Samhain 2008.

Reáchtáladh an Chomhdháil um Ghníomhaíocht Choirp Oiriúnaithe i gCill Choinnigh an 17 agus 18 Samhain 2008.

Bhí an Lá Oscailte ar siúl ar an 17 Samhain 2008.

Thug an tOllamh Andrew Fire, buaiteoir Duais Nobel sa bhFiseolaíocht i Leighis cuairt ar an Institiúid ar an 11 Nollaig 2008.

Ar an 5 agus 6 Nollaig thug Cumann na nInnealtóirí Talmhaíochta Óga aghaidh ar an drochaimsir agus ghabhadar ar thuras tarracóra ó Thrá Lí go Ros Comáin. Tugadh na fáltais go léir ón imeacht seo do Chiste Aerárthach Othair uile-Éireann. Comhgháirdeas le gach aoinne a bhí páirteach.

Chuir na mic léinn a bhfeachtas Sábháilteachta ar na Bóithre ar siúl i mí Feabhra 2009. Chomh maith leis sin bhí feachtas acu chun aird a dhíriú ar dhúlagar agus ar an gcúnamh atá ar fáil.

Bhí Toghchán Aontas na Mac Léinn ar siúl ar an 31 Márta 2009.

Osclaíodh an Áis do Thaighde ar Chealla Mamacha ar an gCampas Theas. Maoiníodh an togra mar chuid den togra a bronnadh ar Ionad Bith-theicneolaíochta Feidhmí na Sionainne arb é a luach 3 milliún agus atá á reáchtáil faoi stiúir ITT agus IT Luimnigh.

Reáchtáladh oíche gradaim iontach faoi Chlár an Fhiontraí Óig in Óstán Malton i gCill Áirne ar an 30 Aibreán. Áiríodh ceathrar mac léinn ó ITT ar na 15 rannpháirtithe a bhain an babhta deiridh amach. Bhí Michael Kelly, cathaoirleach an Údarás Ardoideachais, i láthair ag an ócáid. Tugadh tacaíocht don tionscnamh ó Chiste Nuálaíochta Straitéisí an Údarás Ardoideachais. Comhghairdas leis an bhfoireann eagrúcháin agus leis na baill foirne a thug seirbhís meantóireachta do mhic léinn sa chlár.

Bhí an Scifest 2009 ar siúl san Institiúid Dé Céadaoin 6 Bealtaine 2009. Chuir meánscoileanna as baill ó cheann ceann Chontae Chiarraí tograí isteach. Chuir buaiteoirí áitiúla gradam an Eolaí Óig de chuid BT a gcuid tograí ar éirigh leo ar thaispeáint ar an lá chomh maith. Tugadh rogha de chainteanna ar eolaíocht agus innealtóireacht chomh maith le taispeántaí. Bronnadh duaiseanna chomh maith ag an ócáid. D'fhreastail 252 duine i láthair ag an ócáid idir mhúinteoirí, aíonna agus mic léinn.

Thug painéal creidiúnaithe ó Innealtóirí na hÉireann cuairt ar an Institiúid ar an 27 agus 28 Aibreán 2009. Tugadh creidiúnú le haghaidh Cúrsaí Innealtóireachta Sibhialta go ceann tréimhse cúig bliana. Fuair cúrsaí Innealtóireachta Meicniúla, Innealtóireachta Táirgeachta agus Innealtóireachta Meicniúla & Leictreonaí creidiúnú go ceann tréimhse trí bliana.